Guth Ghoill

Luach € 2.00

# Beannachtaí na Cásca oraibh uilig.









Ag ceiliúradh Seachtain na Gaeilge 2012








## *Paidir roimh dhul a chodladh*

*Luím ar mo leaba mar a luighfidh mé san uaigh;*
*Déanaim m'fhaoiside leat, a Íosa, go crua;*
*Trí ghníomhartha mo cholainn, trí smaointe mo chroí,*
*Trí amharc mo shúil, trí labhairt mo bhéil,*
*Trí shiúl mo chos, trí gach ní a dúirt mé agus nach raibh fíor,*
*Trí gach ní a gheallas agus nár chomhlíon mé,*
*Trí gach a dheineas i gcoinne do dhlí nó do thola naofa,*
*Iarraim maithiúnas ort, a Rí na Glóire,*
*Áiméan.*

**Déan teagmháil linn:**
**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**
**Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# AN CLÁR


Paidir roimh dhul a chodladh 1

John Hughie Mhбnais 3

Ros na Binne 6

Ainmchlбr an Wasp 9

Sleabhac 10

An Laurentic 11

Bбchrбn 12

Drбmaн na bPбistн 13

Aisteoirн Mhнobhaigh 14

Seachtain na Gaeilge 15


© Céim Aniar Teoranta





# John Hughie Mhánais



Seo cur síos gearr ar shaol John Hughie Mhánais (John Mac Pháidín) as Dumhaigh a chaith cuid mhór dá shaol san Astráil. Cosúil le go leor daoine a d'fhág ceantar Ros Goill blianta ó shin, ní chloiseann muintir na háite mórán fán saol a chaith na daoine seo thar sáile.

Rugadh John i nDumhaigh ar an dara lá déag de Dheireadh Fómhair, 1920, mac le Hughie agus Máire Mhic Pháidín. Ba as Dumhaigh Hughie agus ba de mhuintir Mhic Giolla Chearra nó John Nochaí mar ab fhearr aithne orthu as an Bhaile Úr í Máire. Bhí ochtar páiste sa chlann, cúigear gasúr, Mánas a rugadh i 1916, Aindí (1919), John (1920), Hughie (1925) agus Paidí (1927) agus an triúr girseach, Máire (1923), Sophie (1930) agus Bidí (1934). Tá triúr acu beo go fóill, Paidí i gCarraig Airt, Sophie i Nua-Eabhrac agus Bidí i New Jersey.

Chaith John cuid dá óige ar an Bhaile Úr le clann John Nochaí. D'fhreastail sé ar scoil Dhoire a' Chasáin agus d'fhág sé an scoil i ndiaidh rang a sé a chríochnú. D'oibrigh sé fán bhaile ansin agus chaith



Máire, máthair John, taobh amuigh den teach i nDumhaigh



An teach inár rugadh John i nDumhaigh

sé tamall ag iascaireacht le muintir Dhumhaigh agus le muintir John Nochaí. Chaith sé seal ag iascaireacht amach as na Cealla Beaga fosta. Sa bhliain 1939 chláraigh sé d'Arm na hÉireann agus bhí sé lonnaithe i mBaile Átha Luain agus sa Rinn Mhór i nGaillimh. Tiománaí leoraí a bhí ann agus chaith sé a chuid ama ag tiomáint idir na campaí. Bhí Hughie Óg as



Thuas ó chlé tá a athair, Hughie, a dhearthár, Paidí agus John é féin.


na Dúnaibh san arm ag an am chéanna agus bhí John agus Hughie breá cairdiúil lena chéile. Dé réir an scéil, d'fhág John agus Hughie an t-arm ag an am amháin, gan chead! Bhí siad "on the run" ar feadh tamaill. Chuaigh Hughie go Béal Feirste agus d'éalaigh sé ó na péas ach ní raibh John chomh ádhúil agus b'éigean do cúpla mí a chaitheamh sa phríosún.

Sa bhliain 1946 d'fhág John a thír dhúchais agus thug sé aghaidh ar Londain. Chaith sé cúig bliana i Londain ag obair don chomhlacht "Wimpy" agus cé gur bhain sé taitneamh as a chuid ama i Londain, bhí lear cainte san am faoin "saol úr" san Astráil. Rinne sé suas a



*Ó chlé tá Maire, Mánas, Sophie, Bidí, a n-athair Hughie, John agus Eibhlín Nic Laifeartaigh (Fina).*

*intinn go rachadh sé ar imirce, fuair sé a chuid páipéar go gasta agus i mí na Bealtaine, 1951 thug sé aghaidh ar an Astráil ar bord na loinge "The New Australia". Ghlac an turas tuairim is cúig seachtaine agus sheol sí fríd an Chanáil Suez, ar aghaidh go Fremantle, go Adelaide agus ansin go Melbourne. Seo an áit a thosaigh sé ina shaol úr.*




*Ned John Nochaí, Mánas agus John ag sé bliana déag d'aois.*

*Bhí an saol san Astráil deacair go leor d'Éireannaigh san am sin. D'oibrigh John ar dtús sa tionscal foirgníochta agus go minic bheadh an obair contúirteach agus deacair. I 1955 fuair sé post leis an pháipéar, "The Herald and Weekly Times". Chaith sé cúig bliana déag sa phost seo. Bhain sé sult as a chuid oibre agus rinne sé cairde maithe ansin. Phós sé bean as Melbourne darbh ainm Eileen Jenkins i 1953 agus bhí beirt iníonacha acu, Carmel agus Marie. Tá ceathrar clainne ag Carmel, sin David, Marissa, Michelle agus Paul agus beirt ag Marie, sin Lauren agus Troy. Tá an dá chlann seo ina gcónaí i Melbourne go fóill.*

*Sa bhliain 1978 chuaigh Marie, iníon John, ar thuras ar fud na hEorpa. Chaith sí trí mhí in Éirinn agus an chuid is*




*mó den am sin i nDumhaigh. Chas sí le teaghlach a hathar agus lena chuid comharsan agus cairde. Bhain sí sult iontach as an am seo agus bhí sí ábalta neart scéalta a d'inis a hathair dí a phíosáil le chéile. Bhí gach duine sa bhaile ag fiafraí faoi John agus ag dúil go dtiocfadh sé abhaile. Mar gheall ar seo, tar éis pilleadh 'na hAstráile di, shocraigh Marie go gcuideodh sí le John an turas seo a dhéanamh. Ba ghnách léi casadh le John achan Déardaoin, lá páighe, agus thógfadh sí roinnt airgid uaidh. Shábháil sí an t-airgead seo go dtí go raibh go leor aici lena hathair a chur ar an turas seo. I mí*



*Ag obair ar na suíomhanna.*




John i lár, ar chúl nuair a bhí sé ag obair don Herald & Weekly

na Samhna, 1980, d'fhill John 'na bhaile. Chaith sé tamall le Mánas i Londain agus ansin in Éirinn d'fhan sé lena dheirfiúr, Máire, agus a dhá neacht, Ann Marie agus Geraldine. Bhain John taitneamh go bráth as an am a chaith sé i nDumhaigh arís. Bhí a dheartháir Hughie sa bhaile ag an am seo fosta agus chaith sé an t-am ar fad lena theaghlach, lena chomharsan agus lena chairde a bhí fós sa bhaile. Is minic a d'inis sé domh fá na hoícheanta Domhnaigh a chaith sé 'tigh Mhici Sophie agus an craic a bhí aige le muintir na háite. Mar pháirt den turas seo chuaigh John go Meiriceá agus chas sé lena



Ar ais i nDumhaigh i 1980 lena dheirfiúr Máire agus lena dhá neacht, Geraldine agus Ann Marie.

theaghlach amuigh ansin. Bhí Sophie, Bidí, Paidí agus Aindí i Meiriceá ag an am seo agus bhí teacht le chéile galánta acu. Chaith sé an cúpla seachtain deireanach ar ais i nDumhaigh agus ba le croí trom a d'fhág sé an baile don uair dheireanach.

Ar ais san Astráil, choinnigh John leis ag obair, faoin am seo don chomhlacht mór "Lend Lease". D'oibrigh sé ar scéimeanna móna thart ar Melbourne agus fríd stát Victoria. D'éirigh sé as a chuid oibre i mí Aibreán, 1986. Ní duine é a bhí sásta a bheith ina shuí thart agus mar seo, ghlac sé post mar ghlantóir in Óstán darbh ainm "Clifton Hill Hotel", áit a raibh an-tóir air ag muintir na hÉireann. Is san óstán seo a chas mé féin ar John don chéad uair. Bhí cúpla mac de chuid Hughie Óg, Ben agus John, i Melbourne ag an am seo fosta. Bhíodh lúcháir an domhain ar John muid a fheiceáil. "Here comes the young generation" a déarfadh sé nuair a chífeadh sé muid. Bhí John iontach maith do dhaoine óga as Éirinn a bhí ag lorg oibre agus lóistín. Duine a bhí cairdiúil le achan duine a bhí i John.

Cé gur chaith sé cuid mhór dá shaol san Astráil, b'Éireannach a bhí ann amach is amach. Bhí cuid mhaith den teanga aige i gcónaí. Bheadh sé i gcónaí ag cuartú scéaltaí ón bhaile, go háirithe scéaltaí báis. Bhí "claim to fame" aige a raibh sé iontach bródúil as, ba sin go raibh sé i bPáirc Olympic Melbourne an lá céanna a bhuaigh Ronnie Delaney an bonn ór sa rás míle i gcluichí Olympic 1956.

Bhí mé ag caint le gairid lena iníon, Marie agus dúirt sí liom gur athair grámhar, cineálta a bhí i John agus go raibh lúcháir an domhain air a gharchlann a fheiceáil ag fás aníos. Ba ghnách leis scéaltaí ó bhaile a insint dóibh go minic agus tá cuid den chlann ag pleanáil faoi láthair cuairt a thabhairt ar an sean tír.

Bhí John ar dhuine de na daoine is deise a casadh orm ariamh. Bhí sé ina dhuine pléisiúrtha, taitneamhach, greannmhar, gealgháireach agus mar bharr ar achan rud bhí sé ina dhuine uasal.

Fuair John bás ar 14 Samhain, 2001 agus tá sé curtha i reilig Fawkner i dtuaisceart Melbourne. Go ndéana Dia trócaire ar a anam.

Séamas Ó Dochartaigh,
Melbourne.

# Ros na Binne

*Ar leanstan*

**Teach Mháire Mhicí / Teach Mhicí'n Dochartaigh / Teach Pheter.**



*Máire Mhicí*

Is dócha go dtiocfaí a rá gur baisteadh ceann de na hainmneacha seo ar an teach deireanach de na tithe coiteara i Ros na Binne ag am éigin le céad bliain, seo an teach deireanach os cionn an bhealaigh ar do bhealach amach as Ros na Binne. Ach is cinnte gur Teach Pheter a thugtar air anois. Nuair a tosaíodh ar thithe Ros na Binne a thógáil ag tús an chéid dheireanaigh bhí a hainm istigh ag Máire Bn. Uí Dhochartaigh as Ailt a'Chaorthainn, nó Máire Mhicí mar ab fhearr aithne uirthi, do cheann de na tithe seo. Casadh Máire orainn cheana fhéin nuair a bhí muid ag cur síos ar theach Stiofán Uí Shibhleáin. Bhí iníon Mháire Mhicí, sin Máire fosta, pósta ar Stephen.

Rugadh Máire Mhicí, a bhí ina iníon ag Micheál Mac Giolla Chearra agus ag a bhean Madgie, in Ailt a'Chaorthainn timpeall na bliana 1860. D'imigh sí léithe go hAlbain ina bean óg, áit ar chas sí le Pat Doherty as Cockhill in aice le Bun Crancha agus pósadh iad thart fán bhliain 1886. Bhí Pat ag obair ar an bhóthar iarainn thall agus nuair nach raibh sé ach ina fhear óg maraíodh é go tubaisteach. Bhí Máire fágtha léi fhéin ansin le beirt clainne, iníon a raibh Máire uirthi a rugadh timpeall na bliana 1887 agus mac, a raibh Micí air, a rugadh dhá bhliain ina dhiaidh sin sa bhliain 1889.

Cha raibh mórán fána gcoinne thall anois agus chuaigh a deartháir anonn as Ailt a'Chaorthainn agus thug í fhéin agus a beirt clainne, a bhí an-óg ag an am, anall 'na bhaile. Chuaigh sí a chónaí sa teach inár tógadh í ann, in Ailt a' Chaorthainn. Pósadh a hiníon Máire ar Stiofán Ó Sibhleáin sa bhliain 1910 agus rinne muid cur síos in eagrán eile ar an chlann mhór a thóg siad i Ros na Binne.

Mar a luaigh mé chuir Máire Mhicí isteach ar cheann de na tithe i Ros na Binne agus cé go bhfuair sí ceann acu cha deachaigh sí a chónaí ann láithreach mar de réir daonáirimh na bliana 1911 bhí sí go fóill ina cónaí in Ailt a'Chaorthainn agus bhí an teach a fuair sí i Ros na Binne ina luí folamh. Ar chaoi ar bith, ag am éigin tháinig sí fhéin agus a beirt clainne go Ros na Binne agus nuair a tháinig, tugadh teach Mháire Mhicí ar an teach. Ba iascaire a bhí ina mac Micí agus is cinnte go raibh taithí mhór aige ar an fharraige mar gur chaith sé seal mar scipéir ar an 'Carrigart' agus tháinig sé fríd ceann de na tréimhsí ba mhó iascaireachta sna Dúnaibh ag tús an chéid dheireanaigh. Teach mór airneáil a bhí tigh Mháire Mhicí. Ba ghnách le hoíche bhreá chomhrá a bheith ag Micí'n Dochartaigh, Stephen, Pádraig Eoin Chonchúir, Micí Jimí agus Den Shíle. Is cinnte go mbeadh sé doiligh Stephen agus Pádraig Eoin Chonchúir a shárú nuair a bheadh greann, seallóga agus plácas le hinsint, agus is cinnte gur mhinic a dhéanadh siad seo mar go raibh na fir eile iontach dáiríre agus, de thairhbe sin, is cinnte go gcuirfeadh an chleasaíocht seo go mór le hoíche airneáil.

Ba bhean a bhí i Máire Mhicí a raibh an tsláinte go maith aici agus thug sí aois mhór léithi, bhí sí na trí bliana déag agus ceithre scór nuair a fuair sí bás. Go deireadh a saoil bhí sí breá gníomhach, aici fhéin go maith agus ábalta a cuid fhéin a choinneáil leis an chuid ab fhearr acu. Fuair Micí'n Dochartaigh bás sa bhliain 1963 agus é ceithre bliana déag is trí scór agus mar a luaigh mé cheana féin chaith a sé a shaol ag iascaireacht. Nuair a thiocfadh scéala go raibh scadáin fairsing fá cheantar eile bhíodh Mící ar shiúl. Ní raibh mórán tithe fán cheantar san am sin a raibh fón iontu ach bhí ceann tigh Mháire Mhicí, ba seo fón an gharda cósta agus chaithfeadh an fón, de réir na gcoinníollacha, a bheith thuas staighre sa seomra codlata. Ba mhinic a théadh Máire, agus

í isteach sna nochaidí, suas an staighre leis an fón a fhreagairt nuair nach mbeadh duine ar bith fá bhaile. Ar cheann de na laethanta seo a d'fhreagair sí an fón ba é an sagart Mac Eiteagáin a bhí ar an fón, é ag glaoch as Gaoth Dobhair le h-insint do Mhicí go raibh lear scadán fán Bhun Bheag. Ba seo rud a dhéanadh sé i gcónaí dá gcluinfeadh sé go raibh scadáin a'teacht i dtír. Bhí Micí 'n Dochartaigh amuigh sa chuibhreann, thóg a mháthair suas an fhuinneog agus scairt sí isteach air. Go díreach agus í réidh leis an fón a shíneadh chuig Micí, i ndiaidh dó a theacht isteach sa tseomra, ar sise leis, 'Sin Sagart Antoin ar an fón, tá sé rá go bhfuil cuid mhór scadán fán Bhun Bheag. Nach bhfuil a dhath eile le déanamh aige? B'fhearr do 'bhfad a ghnoithe fhéin a choimhéad'. Níor thaitin sé léithe go mbeadh Micí ag imeacht a' iascaireacht agus dár ndóighe chuala an sagart achan fhocal agus rinne sé a sháith gáirí.

Mar a bhí coitianta ag an am tógadh beirt de chuid garpháistí Mháire, Johnny agus Peter Ó Sibhleáin sa teach seo fosta. Ba ghalfaire den scoith a bhí in Johnny agus d'oibrigh sé ar an chúrsa gailf i gCarraig Airt go dtí gur imigh sé go Glaschú agus as sin go Londain áit ar chaith sé a shaol.

Rugadh Peter sa bhliain 1933, an duine ab óige d'ochtar clainne. Chaith sé seal ar Scoil Cheann a'Leargaí go dtí gur druideadh í agus ansin d'aistrigh sé go Scoil Mhíobhaigh. D'fhan sé ar feadh tréimhse ag a chuid daoine muinteartha in Ailt a'Chaorthainn fhad is bhí sé ar Scoil Mhíobhaigh. Chuaigh sé isteach i mbádchlós Mhíobhaigh mar phrintíseach i mí na Samhna na bliana 1950 agus cháiligh sé mar shaor báid cúig bliana ina dhiaidh sin. Neití Mac Laifeartaigh a bhí mar mhaoirseoir orthu agus bhí tuairim is an dáréag ag obair ann nuair a thosaigh sé, a leithéidí Chéarlaí Dhónall Beag, Hughie Fhánada agus Chéarlaí Mhichíl. Tamall i ndiaidh dó toiseacht tháinig James Ann agus Chéarlaí Bhidí Rua isteach agus de réir a chéile tháinig baicle de phrintísigh isteach, ina measc bhí Jimí John Phaidí, Georgie Doherty, Liam Kelly, Antoin agus Dinis a'Táilliúir, Liam Kelly, Joe Quinn agus Micí 'Ac



Clann Uí Shibhleáin

*Ó chlé, ar chúl tá Dónall, Máire, Mícheál, Aifric agus Stephen. I lár tá Nancy, Máire agus an babaí Máirtín, Peter, Noelle agus Olivia agus chun tosaigh tá Catríona agus Gráinne.*



*Peter agus Máire lá a bpósta*
*Sa phictiúr fosta tá Micí Stephen, deartháir Pheter agus Máire Ní Laighneach, col ceathrar do Mháire.*

Fhionnlaoch. Cúigear is fiche an líon is mó a bhí ar an fhoireann oibre ag aon am le linn dó a bheith ansin.

Bhí na chéad bhádaí a tógadh ag Lag na hUillinne ina amsan leathchéad troigh ar fhad agus ansin tosaíodh ar bhádaí a thógáil a bhí sé troighe dé-ag agus daichead. Nuair a thosaigh sé mar phrintíseach cha raibh aige de pháighe ach na seacht scilling déag agus sé pingne agus ardú de leathchoróin, agus ansin de choróin le linn na mblianta go dtí gur cháiligh sé. Nuair a bhí sé cáilithe mar shaor báid bhí sé ag saothrú seacht bpunta sa tseachtain. Dúirt sé go raibh a chroí is-tigh sa tslí beatha a roghnaigh sé agus bhí a shli-ocht air mar gur fhág sé lorg a láimhe ar os cionn fiche leath-decker a thóg sé ag a bhádchlós fhéin, bádaí a rinne iascaireacht amach as achan phort agus achan oileán ar chósta Dhún na nGall. Níl seo ag cur san áireamh na bádaí a tógadh i mbádchlós Mhíobhaigh na blianta a chaith sé an-sin ó 1949 go 1963. Lena chois sin chaith sé cúpla bliain ag tógáil bád i Ramhros le Neití Mac Lai-feartaigh sular thosaigh sé a dtógáil in aice lena theach fhéin i 1971. Caithfear cur san áireamh fos-ta gur thóg sé bádaí beaga agus gur chuir sé bail ar bhádaí. Tá cuimhne aige go fóill ar an chéad leath-decker a thóg sé 1971, an Girl Aifric, bád a thóg



*Ag obair ar an bhád "Maighre na Mara"*

sé do fhéin agus do John Lynagh. Tá cuimhne mhaith aige fosta ar an leath-decker a thóg sé i 1977, "Morning Dew", bád a raibh deireadh leathan inti d'iascaire as Teidhleann. Fuair sé sásamh iontach as comh deas agus shuigh sí san uisce i ndiaidh dóibh í a lainseáil.

Bhí dúil mhór ag Peter san fharraige agus san iascaireacht agus chaith sé neart séasúr ag iascaireacht bradán fosta le fear céile a dheirfiúr, Chéarlaí Bán.

Sárpheileadóir a bhí in Peter fosta agus d'imir sé agus bhí sé mar chaiftín ar fhoireann na nDúnaibh idir na blianta 1955 agus 1962 agus le linn na mblianta sin, 1957, bhain na Dúnaibh craobh shóisir an Chontae. Nuair a nascadh le chéile na Dúnaibh, an Craoslach agus Dún Fionnachaidh mar Sheephaven Harps d'imir Peter dóibhsean fos-ta agus d'imir siad i gcraobh shinsir an Chontae ar



*Morning Dew*

feadh roinnt blianta.

Pósadh Peter ar Mháire Ní Laighnigh as Umlach ar an tríú lá d'Aibreán 1961 agus dár ndóigh rinne



*An Johnny Bán*

siad a n-iubhaile órga a cheiliúradh anuraidh. An chloigeann déag de chlann a bhí acu: Micheál, Máire, Aifric, Dónal, Stephen, Nancy, an cúpla Cáitríona agus Gráinne, Olivia, Noelle agus Peter Martin, ach ar an drochuair fuair Peter Martin bás ina leanbh óg. Tá an chlann uilig socraithe agus ag obair fá bhaile ach amháin Aifric atá i mBéal



*Ag ceiliúradh 50 bliain pósta*

Feirste agus Noelle atá i Londain.

Tá Peter beo beathach i gcónaí agus i mbarr a shláinte. Macasamhail a athair Stephen roimhe, is fear é atá lán grinn, fear a d'inseodh seallóg nó plácas duit agus é lán dáiríre ach thar aon ní eile is cuideachta iontach atá ann. Gura fada a mhairfeas sé ina shláinte agus lena ghreann.



Cóisir Lá Breithe i Ros na Binne

*Sa phictiúr thuas ó chlé, ar chúl tá Jane Talbóid, Danny Talbóid, Máire Ní Shibhleáin, Aifric Ní Shibhleáin, Bríd Nic Laifeartaigh agus Dónall Ó Sibhleáin. Chun tosaigh tá Lisa Talbóid, Bernadette Nic Úistín, Catherine De Búrca, Teresa Marie Nic Úistín, Cathleen Nic Úistín agus Stiofán Ó Sibhleáin*

## An Wasp




*Chuir an píosa a scríobh Caoimhín Mac a' Bháird (mo chomharsa béal dorais nuair a bhí cónaí ar mo thuismitheoirí sa seanteach i Leargan Riabhach) i gcuimhne domh an lá a tháinig Páidí Shearlaí Cearraí isteach tí s'againne ag cuartú m'athair Jack Mac Pháidín. Go ndéana Dia trócaire ar an bheirt acu. Bhí seanphíosa d'adhmad lofa ina láimh aige ar a raibh píosa copair greamaithe le tairní leis an ainm "HMS WASP" péinteáilte air. Dúirt Páidí go bhfuair sé é i ndíog thíos ag an Pholl Gorm nuair a bhí sé ag cuartú éadála (driftwood). Thug sé é do m'athair agus chuir seisean snas air. Fuair sé píosa deas mahagaine dó agus chroch sé suas ar an bhalla é. Tá sé anois ar crochadh go fóill taobh istigh den doras sa teach úr ina bhfuil mo mháthair Caitlín ina cónaí.*

*Déarfainn gur tháinig níos mó ná ainmchlár an Wasp isteach leis an taoide thíos ag an Pholl Gorm. Bheadh an soitheach sin déanta d'adhmad galánta agus b'fhéidir go raibh cúpla teach thíos fá Dhumhaigh agus fá Dhoire a'Chasáin a raibh táblaí agus cathaoireacha ar dóigh acu. Sin nó go raibh tine bhreá ag bunadh na háite nuair a thagadh na comharsana isteach san oíche ag airneáil!*

*Máirín de Búrca*
*Droichead Átha.*

# Sleabhac



Is cuimhin liomsa, nuair a bhí mé ceathair nó cúig bliana d'aois, tháinig mé 'na bhaile ag am suipéir i ndiaidh domh lá maith samhlaíochta a chur isteach ar an pháirc peile in aice an tí (mise Packie Bonner, dár ndóigh, lá na gCeilteach agus na hÉireann, an t-imreoir is fearr ar domhan!). Shuigh mé chun boird, stiúgtha leis an ocras agus ag tnúth go mór leis an tsicín, nó an chaoireoil, nó pé greim blasta a bhí ullmhaithe, ach, a chairde, ní mar a shíltear a bhítear, agus chuir mo mháthair pláta . . éigin . . os mo chomhair. Bhain mé plaic amháin as agus dhiúltaigh mé an forc a chur fhad leis arís. D'aithin mo mháthair go raibh contúirt na ndeor ann, agus tháinig sí ar réiteach go tapaigh, mar a dhéanann i gcónaí. Dúirt sí gur spionáiste é, agus os rud go raibh mé antugtha den mhairnéalach cáiliúil beag leis na matáin mhóra, d'ith mé an t-iomlán gan oiread is cár a chur orm! Shíl mé ag an am áfach gurb é an greim is lofa a fuarthas ariamh, ach mar is eol do na madaidh sa bhaile, tá sé creathnach deacair páistí a mhealladh chuig bia glas i gcónaí, agus beidh go deo is dócha! Le linn mo chuid taighde shocraigh mé ar bhlas eile den fheamainn agus caithfidh mé a rá go raibh blas láidir, pléisiúrtha agus iontach deas leis. Is cosúil go dtagann ciall de réir a chéile!



Sleabhac cócaráilte

Itear sleabhac ar chósta iarthair na hÉireann, sa Bhreatain Bheag, áit ar dtugtar '*laver*' air, sa Chóiré, áit a dtugtar '*gim*' air, agus sa tSeapáin, áit ar dtugtar '*nori*' air. Tá difríocht amháin shuntasach idir sleabhac an 'iarthair' agus sleabhac an 'oirthir' áfach. Fástar *gim* agus *nori* faoi choinníollacha dochta, ach baintear é de na carraigeacha anseo macasamhail ár gcomharsan trasna na Mara Éireann. Fágann na próisis seo dhá tháirge atá éagsúil óna chéile; déantar leatháin ar féidir bia eile, mar shampla *sushi,* a chur isteach iontu sna tíortha Áise. In Éirinn agus sa Bhreatain Bheag coinnítear sleabhac i gcarnáin nuair a bhailítear é cineál fliuch. Ach, dá mbeadh an t-ádh leat, agus lá maith a bheith ann in aice na farraige, d'fhéadfá an sleabhac a bhailiú tirim agus é a chur i mullach a chéile i gcásógaí. Coinníodh na cásógaí seo i bpócaí an fheirmeora agus i bpócaí an iascaire fadó agus bhíodh siad mar chuidiú mór acu an t-am a dtagadh an fear gortach orthu is iad i mbun a gceirde!


Sa Bhreatain Bheag, d'fhéadfá 'arán an tsleabhaic' a ithe, (nó '*bara lawr*' sa Bhreatnais), míníneacht (delicacy) na Breataine Bige. Déantar an sleabhac a fhiuchadh leis an t-arán a ullmhú, agus cuirtear min leis sula bhfriochtar é. Anseo inár gceantar fhéin, is cosúil nach raibh mar chuideachta ag an sleabhac ar an phláta ach dornán mór prátaí, cosúil le chóir a bheith achan mhínineacht eile a tháinig as cistineacha na hÉireann!

Colm Mac Fhionnghaile,
Baile Mhíchíl.

Seanfhocal

*Má tá do mhuinín in aon ghreim,*
*Bíodh ubh chirce agat;*
*Is má tá do mhuinín in aon cheirt,*
*Bíodh cóta mór agat.*

# Long an Óir - An Laurentic.



Ba mhór an ráchairt a bhí ar thaisteal go Meiriceá Thuaidh ag deireadh an 19ú aois. B'iomaí cúis a bhí le seo: In Éirinn, mar shampla, bhí nós na himirce bunaithe go daingean i meon na ndaoine i ndiaidh tubaiste an Ghorta Mhóir (1845 - 1848). Nuair a thángthas ar ór i gCalifornia agus sa Yukon, bhí ruathar millteanach faoi dhaoine ar fud na hEorpa ag iarraidh dul ar thóir an óir. Taobh amuigh de sin, bhí na mílte ag iarraidh saol agus slí beatha nua a bhaint amach dófa fhéin sa Domhan Úr trasna an Aigéin Atlantaigh.

Ar ndóiche, ní raibh taisteal aeir ar bith ann san am sin agus dá bhrí sin, ba trasna na farraige a chuaigh siad. Ó lár na 19ú aois, thosaigh siad ag tógáil bádai móra, ar tugadh línéir orthu, chun lasta agus paisinéirí a iompar. Tugadh ré órga na línéar ar an tréimhse ó 1900 – 1939, mar ba i rith an ama sin a tógadh na soithí ba mhó agus ba mhacnasaí (luxurious) ar tógadh riamh roimhe.

Ar cheann acu seo, bhí an SS Laurentic, a tógadh i longchlós Harland & Wolff i mBéal Feirste idir 1907 agus 1909. Ba í an Laurentic an long ba dheireanaí a thóg an chomhlacht sin, roimh thógáil an Titanic. Bhí sí 550 troigh ar fad agus bhí trí lián (propellers) uirthi. Rinne sí a céad turas farraige ar an 29ú Aibreán 1909 ó Bhéal Feirste go Quebec agus Montreal. Bhí sár-luas inti agus ní raibh fomhuireán ar bith ábalta cos a choinneáil léi. Ba de thairbhe seo a rinneadh cúrsóir catha (battle cruiser) di do Chabhlach Cheanada blianta ina dhiaidh sin.

Bhain sí clú agus cáil amach di féin toisc go raibh baint aici le cás an dúnmharfóra a tharraing mí-chlú ar fhéin, sin an Dr. Crippen. Theith seisean ó Londain i ndiaidh a bhean chéile a mharú, ar long darbh ainm an Montrose, a bhí ag dul go Ceanada. Ach d'aithin captaen na loinge é agus mar a tharla, ba seo long amháin de bheagán longa ar a raibh craolachán (wireless) de chuid Marconi. Chuir seisean scéala ar ais go Scotland Yard agus chuaigh lorgaire darbh ainm Chief Inspector Walter Dew sa tóir ar Crippen. Chuaigh sé ar bord an Laurentic agus cé go raibh tús trí lá ag an Montrose, bhí an Laurentic chomh tapaigh sin gur shroich sí Ceanada roimh an Montrose agus gabhadh Crippen. Tugadh ar ais go Londain é, áit ar crochadh é ar an 28ú Samhain, 1910.

Le linn di a bheith ag feidhmiú in am na síochána, rinne An Laurentic freastal ar mhuirbhealach Learpholl – Ceanada. Bhí sí i Montreal nuair a bhris an Chéad Chogadh Mór Domhanda amach agus coimisiúnaíodh í mar iompróir saighdiúirí armtha do Chabhlach Cheanada sa bhliain 1915. Bhí an Bhreatain Mhór ag ceannach lón cogaidh ó Cheanada i rith an chogaidh agus cuireadh lasta mór de bhuillean óir ar an Laurentic le tabhairt ó Learpholl go Halifax, Nova Scotia, le díol ar a shon. Agus í ag dul trí mhíle ó thuaidh de Theach Solas Fhánada ar an 25ú Eanáir, 1917, bhuail sí dhá mhianach ar snámh agus cuireadh go grinneall na farraige í. Cailleadh 354 fear amach as foireann de 470 a bhí uirthi. Chuaigh 43 tonna óir go tóin ina theannta sin!

Rinneadh os cionn 5,000 tumadh ar an longbhriseadh idir 1917 agus 1924 agus fuarthas 99% den óir. Ach deirtear go bhfuil 20 ingot órga fágtha thíos nach dtángthas orthu go fóill, arbh fhiú suas le £10,000,000 iad in airgead an lae inniu. Ach sula dtugann tú ruathar amach á chuartú, bíodh a fhios agat go raibh an chuid ba dheireanaí den ór níos mó ná 10 meadar faoi ghaine-

amh an ghrinnill agus b'in 90 bliain ó shin!

Thug ceithre chloigeann déag fear de



*Ag cur fáilte roimh an Ambasadóir Hearn*

chuid tumadóirí Na nDúnaibh an gunna breá sin a bhfuil 10.2 tonna meáchain ann agus atá le feiceáil ar chéidh na nDúnaibh, aníos ón Laurentic sa bhliain 2007. Tugadh cuireadh d'ambasadóir Cheanada in Éirinn, an tUasal Hearn theacht anseo, rud a rinne sé ar an 26 Eanáir i mbliana. Cuireadh fáilte mhór roimhe agus rinne na baill áitiúla de Gharda Cósta na hÉireann garda gradaim dó. Thar rialtas Cheanada, ghabh sé a bhuíochas do mhuintir na háite as ucht an gunna a chur ar taispeántas agus bhí ócáid dheas ann nuair a chuir sé bláth-fhleasc ar leac chuimhneacháin na ndaoine a cailleadh ar muir.



## *Báchrán (Bog Bean)*



*Is luibh iontach searbh é Báchrán ach deirtear go bhfuil sé maith don fhuil agus don chraiceann. Fásann sé in áit fhliuch macasamhail portaigh nó ar imeall locha agus thart anseo baintear é sa chéad seachtain de mhí an Mhárta, sula dtagann bláthanna air. Gearrann tú na rútaí beaga agus na duilleoga de agus níonn tú é agus amharcann sé rud beag cosúil le asparagas ansin, planda beag caol, fada agus dath glas air. Cuireann tú é isteach i bpota le huisce agus bruitheann tú é ar feadh leathuaire nó mar sin agus ansin ligeann tú do fuarú. Cuireann tú é fríd síothlán ansin agus tá tú fágtha le deoch gheal.*



*Glacann tú leathcheann beag achan mhaidin ar feadh míosa. Is dóiche gurb é an rud ba sheirbhe a bhlaisfeá a choíche agus nuair a bheadh an mí thuas bheadh sé doiligh a ghlacaint. Ní mhaireann an sú rófhada, éiríonn sé ramhar agus sobalach i ndiaidh tamaill agus níorbh fhéidir é a ól.*

*Tchínn tú an báchrán ag fás san uisce sna grianghraif seo, a glacadh ag loch thíos ar an Mheall Mhór i mbliana .*



# Drámaí na bPáistí 2012

Bhí cúig dhráma ar an ardán ag Céim Aniar in Amharclann an Ghrianáin d'Fhéile Scoildrámaíochta Ghaoth Dobhair ar 26 Feabhra - *An Plúirín Bán* le páistí ó Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra, *Labhraidh Loinseach* le páistí ó Rang 1 & 2, *Cath Chluain Tairbh* le páistí ó Rang 3 & 4, *An Chulaith* le daltaí ó Rang 5 agus *Triail An Drabhlásaí* le daltaí ó Rang 6. Bhí páistí ó Rang 5 agus Rang 6 ar an ardán arís sa Ghrianán d'Fhéile Uladh ar 25 Márta agus cháiligh an dráma "Triail an Drabhlásaí" don Fhéile Náisiúnta a bheas ar siúl sa Mhuileann gCearr roimh dheireadh na míosa. Cuireadh na drámaí uilig i láthair i gColáiste Ros Goill ar na mallaibh chomh maith. Chuir na páistí lear oibre isteach agus tá moladh mór tuilte acu, agus ag a gcuid tuismitheoirí a chuidigh leo.



*Naíonáin*



*Rang 1 & 2*



*Rang 3 & 4*



*Rang 5*




*Rang 6*

Seo thíos cuid de na tuismitheoirí a bhí ag cuidiú cúl stáitse agus cuid de na páistí roimh dhul ar an ardán in Amharclann an Ghrianáin.











*Aisteoirí Mhíobhaigh sa dráma úr "Taibhsí na nGael"*



Bhí Aisteoirí Mhíobhaigh ar an ardán ag Féile Rann na Feirste ar 23 Márta agus dráma úr de chuid Phroinsias Uí Cuilinn, 'Taibhsí na nGael', a chur i láthair acu don darna uair. Beidh an dráma seo le feiceáil amach anseo arís i gColáiste Ros Goill. Beidh an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta ar siúl sna Dúnaibh ó 4 - 6 Bealtaine agus féasta de dhrámaí Gaeilge a léiriú i gColáiste Ros Goill.

Foireann i mbliana: Ó chlé, ar chúl tá John Mac Laifeartaigh, Joe Ó Cuilinn, Daragh Mac Laifeartaigh, Seán Ó Dochartaigh, Seán Mac Giolla Bhríde, Caoimhín Mac a'Bhaird agus Finghin Mac Laifeartaigh. Chun tosaigh tá Ruaidhrí Mac Conaglaigh, Fíona Pasoma agus Proinsias Ó Cuilinn agus as láthair ón phictiúr - Ailín Pasoma, Antaine Mac Giolla Bhríde (soilse) agus Máire Uí Chléide (smideadh).

# Seachtain na Gaeilge 2012

*Tá Seachtain na Gaeilge thart arís agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na daoine sin uilig a thug tacaíocht dúinn agus a rinne freastal ar na himeachtaí éagsúla a bhí a reáchtáil againn.*
*Buaiteoirí Thráth na gCeist - foireann Thrá na Rossan, sin Paidí Mac Aoidh, Cormac Goulding, Sonia Harding agus Mícheál Mac Aoidh.*
*Buaiteoirí an chomórtas ealaíne - Máirtín Dugera, Neamhín Ní Dhuagáin, Rónán Pasoma, Máire Nic Aoidh agus Antáin Ó Buaidhe. Seo thíos traidhfil pictiúr a glacadh le linn na tréimhse.*

*Tráth na gCeist sa Síbín Ceoil*



*Buaiteoirí*







## Rith 2012

Ghlac ionadaithe ó Chéim Aniar páirt san fhéile náisiúnta, Rith 2012, féile atá a reáchtáil i rith Seachtain na Gaeilge chun labhairt na Gaeilge a spreagadh agus a cheiliúradh. Cuireadh tús leis an rith i nGaoth Dobhair i mbliana agus chríochnaigh sé in Inis Mór Árainn i gContae na Gaillimhe ar Lá Fhéile Padraig, 10 lá ina dhiaidh sin. Is féidir é a fheiceáil ar Youtube - níl le déanamh ach "**Rith 2012 Lá 1**" a chur isteach sa bhosca cuardaigh.



# Seachtain na Gaeilge 2012

*Maidin Caife in Ionad Acmhainne Mhíobhaigh*















*An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta*
*Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs*

*Urraithe ag*
Foras na Gaeilge
Údarás na Gaeltachta

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com